Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

2023/0126(COD)

13.10.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta aonadach le haghaidh táirgí cosanta plandaí
(COM(2023)0221 – C9-0152/2023 – 2023/0126(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

Rapóirtéir: Tiemo Wölken

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta aonadach le haghaidh táirgí cosanta plandaí (COM(2023)0221 – C9-0152/2023 – 2023/0126(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0221),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 118(2), an chéad mhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0152/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Agus comhaltaí na mBord Achomhairc á gceapadh in ábhair a bhaineann le hiarratais ar dheimhnithe aonadacha, ba cheart a gcuid taithí roimhe sin ar dheimhniú forlíontach cosanta nó ar ábhair phaitinne a chur san áireamh.	(30) Agus comhaltaí na mBord Achomhairc á gceapadh in ábhair a bhaineann le hiarratais ar dheimhnithe aonadacha, ba cheart a saineolas ábhartha agus a dtaithí leordhóthanach roimhe sin i gcúrsaí deimhnithe forlíontacha cosanta

agus i gcúrsaí paitinní a chur san áireamh.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a) ciallaíonn 'nasctha go heacnamaíoch', i gcás sealbhóirí éagsúla dhá phaitinn bhunúsacha nó níos mó lena gcosnaítear an táirge céanna, go rialaíonn sealbhóir amháin sealbhóir eile, go bhfuil sé faoi rialú sealbhóir eile nó go bhfuil sé faoi rialú comhchoiteann le sealbhóir eile, go díreach nó go hindíreach trí idirghabhálaí amháin nó níos mó.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) i gcás inarb infheidhme, toiliú ón tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 6(2);

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Beidh an t-iarratasóir freagrach as cruinneas na faisnéise agus na doiciméadachta a thíolactar i ndáil lena iarratas.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina gcomhlíontar Airteagal 3(1) leis an iarratas ar dheimhniú aonadach agus leis an táirge lena mbaineann sé i gcás gach ceann de na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1, eiseoidh an Oifig tuairim réasúnaithe dhearfach i leith deimhniú aonadach a dheonú. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra faoin tuairim sin don iarratasóir.	2. I gcás ina gcomhlíontar Airteagal 3(1) agus Airteagal 6(2) leis an iarratas ar dheimhniú aonadach agus leis an táirge lena mbaineann sé i gcás gach ceann de na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1, eiseoidh an Oifig tuairim scrúdúcháin dhearfach réasúnaithe i leith deimhniú aonadach a dheonú. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra faoin tuairim sin don iarratasóir.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás nach gcomhlíontar Airteagal 3(1) leis an iarratas ar dheimhniú aonadach agus leis an táirge lena mbaineann sé i leith ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, eiseoidh an Oifig tuairim réasúnaithe dhiúltach maidir e deimhniú aonadach a dheonú. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra faoin tuairim sin don iarratasóir.	3. I gcás nach gcomhlíontar Airteagal 3(1) agus Airteagal 6(2) leis an iarratas ar dheimhniú aonadach agus leis an táirge lena mbaineann sé i leith ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, eiseoidh an Oifig tuairim scrúdúcháin dhiúltach réasúnaithe maidir le deimhniú aonadach a dheonú. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra faoin tuairim sin don iarratasóir.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. I gcás ina dtabharfaidh an painéal	6. I gcás ina dtabharfaidh an painéal

freasúra dá aire nach gcomhlíontar míreanna 2, 3, nó 4 leis an bhfógra freasúra, diúltóidh sé don fhreasúra toisc é a bheith neamh-inghlactha, agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don fhreasúróir, mura rud é gur leigheasadh na heasnaimh sin roimh dhul in éag don tréimhse comhdaithe freasúra dá dtagraítear i mír 1.	freasúra dá aire nach gcomhlíontar míreanna 2, 3, nó 4 leis an bhfógra freasúra, diúltóidh sé don fhreasúra toisc é a bheith neamh-inghlactha, agus cuirfidh sé a chinneadh chomh maith leis an réasúnaíocht dá chinneadh in iúl don fhreasúróir, mura rud é gur leigheasadh na heasnaimh sin roimh dhul in éag don tréimhse comhdaithe freasúra dá dtagraítear i mír 1.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	9a. I gcásanna inar comhdaíodh roinnt freasúraí i gcoinne tuairim scrúdúcháin, déileálfaidh an Oifig leis na freasúraí i gcomhpháirt a chéile agus eiseoidh sí aon chinneadh amháin i leith na bhfreasúraí uile a comhdaíodh.
	Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. Foilseoidh an Oifig cinneadh maidir leis an bhfreasúra laistigh de 6 mhí, mura n-éilítear tréimhse níos faide mar gheall ar chastacht an cháis.	10. Foilseoidh an Oifig cinneadh lena n-áireofar réasúnaíocht mhionsonraithe dá cinneadh, maidir leis an bhfreasúra laistigh de 6 mhí, mura n-éilítear tréimhse níos faide mar gheall ar chastacht an cháis.
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
11. Má mheasann an painéal freasúra nach ann d'fhoras fhreasúra lena ndéantar dochar do choinneáil ar bun na tuairime scrúdúcháin, diúltóidh sé don fhreasúra, agus luafaidh an Oifig an méid sin sa Chlár.	11. Má mheasann an painéal freasúra nach ann d'fhoras freasúra lena ndéantar dochar do choinneáil ar bun na tuairime scrúdúcháin, diúltóidh sé don fhreasúra agus tabharfaidh sé fógra don fhreasúóir faoina chinneadh agus luafaidh an Oifig an méid sin sa Chlár.
	Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. A luaithe a cheapfaidh an Oifig údarás náisiúnta inniúil mar oifig rannpháirteach, ceapfaidh sí a scrúdaitheoirí ainmnithe bunaithe ar a saineolas ábhartha agus an bhfuil taithí leordhóthanach acu don nós imeachta scrúdúcháin láraithe.
	Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cothromaíocht thíreolaíoch i measc na n-oifigí rannpháirteacha;	(a) saineolas ábhartha agus taithí leordhóthanach ar scrúdú a dhéanamh ar phaitinní agus ar dheimhnithe forlíontacha cosanta;
	Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 3 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ní bhainfidh níos mó ná scrúdaitheoir amháin atá fostaithe ag údarás náisiúnta inniúil as an díolúine a leagtar amach in Airteagal 10(5) de Rialachán [COM(2023) 223].	(c) nach bhfuil aon scrúdaitheoir atá fostaithe ag údarás náisiúnta inniúil ag baint leas as an díolúine a leagtar amach in Airteagal 10(5) de Rialachán [COM(2023) 223].

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tar éis dul in éag don tréimhse ar lena linn a fhéadfar achomharc nó freasúra a chomhdú gan aon achomharc ná freasúra a bheith comhdaithe, nó tar éis cinneadh críochnaitheach maidir leis na fiúntais a bheith eisithe, déanfaidh an Oifig ceann amháin de na cinntí seo a leanas:	Tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dul in éag don tréimhse ar lena linn a fhéadfar achomharc nó freasúra a chomhdú gan aon achomharc ná freasúra a bheith comhdaithe, nó tar éis cinneadh críochnaitheach maidir leis na fiúntais a bheith eisithe, déanfaidh an Oifig ceann amháin de na cinntí seo a leanas:

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Cuirfidh an Oifig an t-iarratasóir ar an eolas faoina cinneadh gan moill mhíchuí.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) deonaíodh an deimhniú ar shlí atá	(a) deonaíodh an deimhniú ar shlí atá

contrártha d'Airteagal 3;	contrártha d'Airteagal 3 agus d'Airteagal 6;

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfar fógra achomhairc a chomhdú i scríbhinn ag an Oifig laistigh de 2 mhí ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh. Ní mheasfar an fógra a bheith comhdaithe ach amháin go dtí go mbeidh an táille don achomharc íoctha. I gcás achomhairc, déanfar ráiteas i scríbhinn ina leagfar amach na forais achomhairc a chomhdú laistigh de 4 mhí ó dháta fógartha an chinnidh.	3. Déanfar fógra achomhairc a chomhdú i scríbhinn ag an Oifig laistigh de 2 mhí ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh. Ní mheasfar an fógra a bheith comhdaithe ach amháin go dtí go mbeidh an táille don achomharc íoctha. I gcás achomhairc, déanfar ráiteas i scríbhinn ina leagtar amach na forais achomhairc lena n-áirítear fianaise thacaíochta a bhaineann leis na forais sin, a chomhdú laistigh de 4 mhí ón dáta a thugtar fógra faoin gcinneadh.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina mbíonn toradh ar achomharc nach bhfuil ag teacht leis an tuairim scrúdúcháin, féadfaidh na Boird an tuairim a chur ar neamhní nó a athrú.	5. I gcás ina mbíonn cinneadh nach bhfuil i gcomhréir leis an tuairim scrúdúcháin mar thoradh ar achomharc, déanfar, le cinneadh na mBord, an tuairim a chur ar neamhní nó a athrú.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Urramófar na rialacha a leagtar amach in Airteagal 166(9) de Rialachán (AE) 2017/1001.

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh an t-iarratasóir freagrach as cruinneas na faisnéise agus na doiciméadachta a thíolactar i leith a iarratais.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 1 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) i gcás inarb infheidhme, comhdú freasúra, agus toradh na n-imeachtaí freasúra, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme achoimre ar an tuairim scrúdúcháin athbhreithnithe;	(k) i gcás inarb infheidhme, comhdú freasúra, a stádas agus toradh na n-imeachtaí freasúra, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme achoimre ar an tuairim scrúdúcháin athbhreithnithe;

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 1 – pointe l

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) i gcás inarb infheidhme, comhdú achomhairc, agus toradh na n-imeachtaí achomhairc, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme achoimre ar an tuairim	(l) i gcás inarb infheidhme, comhdú achomhairc, a stádas agus toradh na n-imeachtaí achomhairc, lena n-áirítear i gcás inarb infheidhme achoimre ar an tuairim

scrúdúcháin athbhreithnithe;	scrúdúcháin athbhreithnithe;
	Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Má mheasann an Oifig nó an painéal ábhartha go bhfuil sé riachtanach go dtabharfadh páirtí, finné nó saineolaí fianaise ó bhéal, eiseoidh sí toghairm don duine lena mbaineann chun teacht os a comhair. 1 mhí amháin ar a laghad a bheidh sa tréimhse fógra i dtoghairm den sórt sin, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn siad ar thréimhse níos giorra.	3. Má mheasann an Oifig nó an painéal ábhartha go bhfuil sé riachtanach go dtabharfadh páirtí, finné nó saineolaí fianaise ó bhéal, eiseoidh sí toghairm don duine lena mbaineann chun teacht os a comhair. ***I gcás ina gcuirtear toghairm ar an saineolaí, fiorófar go bhfuil an saineolaí sin saor ó aon choinbhleacht leasa.*** 1 mhí amháin ar a laghad a bheidh sa tréimhse fógra i dtoghairm den sórt sin, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn siad ar thréimhse níos giorra.
	Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 51 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin xxxxxx [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach: 5 bliana tar éis dháta an chur i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.	Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach: 5 bliana tar éis dháta an chur i bhfeidhm], agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ina thuarascáil, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht agus measúnú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil nós imeachta lárnach údaraithe le haghaidh táirgí cosanta plandaí a chruthú faoin Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia iomchuí agus an bhfuil sé éifeachtúil agus riachtanach.

Or. en